| | Critéir fhíor-riachtanacha | Le haghaidh an Aontais Eorpaigh | Le haghaidh na hEilvéise |
|---|---|---|---|
| | | bhfeidhm an 1 Eanáir 2024 maidir le cainníocht iomlán lamháltas a leithdháiltear ar oibreoirí aerárthaí ar bhonn leithdháileadh iomlán na lamháltas ar oibreoirí aerárthaí a dhéanann gníomhaíochtaí eitlíochta i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE in 2023 arna laghdú faoin bhfachtóir laghdaithe línigh, dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir 2003/87/CE agus is infheidhme ón 1 Eanáir 2025.<br><br>Foráiltear le hAirteagal 3c(7) de Threoir 2003/87/CE mar a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024, i leith eitiltí ó aeradróm atá lonnaithe in LEE agus chuig aeradróm atá lonnaithe in LEE, agus chuig an Eilvéis nó chuig an Ríocht Aontaithe, ach nach gcumhdaítear in 2023, go méadófar cainníocht iomlán na lamháltas faoin leibhéal leithdháilte amhail agus dá n-áireofaí na heitiltí sin in CTA in 2023. Tá feidhm ag an bhfachtóir laghdaithe línigh, dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir 2003/87/CE agus atá infheidhme ón 1 Eanáir 2024. | Féadfar an leithdháileadh sin a athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 7 den Chomhaontú seo.<br><br>Ó 2024, méadaítear cainníocht iomlán na lamháltas i leith eitiltí ó aeradróm san Eilvéis chuig aeradróm atá lonnaithe i réigiún is forimeallaí den Aontas de réir an leibhéil leithdháilte amhail agus dá n-áireofaí na heitiltí sin in CTA in 2023. Tá feidhm ag an bhfachtóir laghdaithe línigh mar a shonraítear in Iarscríbhinn 15 a ghabhann leis an Reacht maidir le CO2.<br><br>Déantar foráil maidir leis sin sa mhéid seo a leanas:<br>- Airteagal 18 den Acht maidir le CO2<br>- Airteagal 46e den Reacht maidir le CO2, agus Iarscríbhinn 15 a ghabhann leis,<br><br>mar a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025. |
| 5. | Lamháltais a leithdháileadh le haghaidh na heitlíochta trí | - Airteagal 3d (1) agus (1a) agus Airteagal 28a(2) de Threoir 2003/87/CE, | Maidir le lamháltais astaíochtaí na hEilvéise atá le cur ar ceant, is é údarás inniúil na hEilvéise a chuirfidh ar ceant iad. Tá an Eilvéis i dteideal na |

